Galway to Athlone
CYCLEWAY
Gaillimh go Baile Átha Luain

Galway to Athlone
National Cycleway Scheme

# PUBLIC CONSULTATION NO.3
# *COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ UIMH. 3*

DECEMBER / *NOLLAIG* 2021

## Emerging Preferred Route Corridor
## An Chonair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar



Website Link

Nasc chuig Láithreán Gréasáin

**The Galway to Athlone Cycleway is for local communities. It will:**

- Support local businesses and jobs - such as local shops, cafes, pubs, cycling businesses, B&Bs, camping sites, hotels and hostels.
- Provide safe, traffic-free cycling and walking routes for everyone to enjoy.
- Provide a valuable local amenity for communities to walk or cycle.
- Deliver a quality and memorable visitor experience with great scenery and points of interest.
- Complete a circa 330km car-free corridor between Galway and Dublin, linking the Atlantic coast to the East coast.

***We welcome any information that would inform the project team finalising the Cycleway route within the Emerging Preferred Route Corridor.***

**Tá an Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Luain do phobail áitiúla. Déanfaidh sé:**

- Tacú le gnólachtaí agus poist áitiúla - amhail siopaí áitiúla, caiféanna, tithe tábhairne, gnólachtaí rothaíochta, leaba is bricfeasta, suíomhanna campála, óstáin agus brúnna.
- Bealaí sábháilte rothaíochta agus siúil gan trácht a sholáthar do gach duine chun taitneamh a bhaint astu.
- Saoráid áitiúil luachmhar a sholáthar do phobail chun siúl nó rothaíocht.
- Eispéireas ardchaighdeáin agus speisialta do chuairteoirí a chur ar fáil le radharcra agus pointí spéisiúla iontacha.
- Conair circa 330km saor ó charr idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath a chomhlánú, ag nascadh cósta an Atlantaigh leis an gcósta Thoir.

***Fáiltímid roimh aon fhaisnéis a chuirfeadh an fhoireann tionscadail ar an eolas agus iad ag cur bailchríoch ar bhealach an Rotharbhealaigh laistigh den Chonair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar***

rps MAKING COMPLEX EASY
TII Bonneagar Iompair Éireann Transport Infrastructure Ireland
WESTMEATH COUNTY COUNCIL Comhairle Chontae na hIarmhí
Comhairle Chontae na Gaillimhe Galway County Council
ROSCOMMON Comhairle Contae Ros Comáin Roscommon County Council
Galway City Council

Galway to Athlone
# CYCLEWAY
Gaillimh go Baile Átha Luain






# PROJECT VISION
# *FÍS AN TIONSCADAIL*

## Part of Ireland's longest Cycleway

The Department of Transport is developing National and Regional Greenways across Ireland to enhance tourism and contribute to rural development.

The new Galway to Athlone Cycleway is a large section of the even bigger circa 330km Galway to Dublin Cycleway - Ireland's longest Cycleway to date.

The Galway to Dublin Cycleway will be a world class amenity for pedestrians, cyclists and wheelchair users to enjoy - locals and tourists alike. It will facilitate the first leg of the international EuroVelo network of long-distance cycling trails in Europe linking Galway to Moscow!

### Galway to Dublin Cycleway is being developed in phases:

- The Emerging Preferred Route Corridor is now on display for the Galway to Athlone Cycleway.
- 107km open between Athlone and Maynooth.
- Construction of new cycleway bridge over the Shannon, due to be complete in 2023.
- Two major urban sections being developed between Maynooth and Dublin City and from Ballyloughane to Galway City.




## Cuid den Rotharbhealach is faide in Éirinn

Tá Glasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha á bhforbairt ag an Roinn Iompair ar fud na hÉireann chun turasóireacht a fheabhsú agus chun cur le forbairt tuaithe.

Is píosa mór den Rotharbhealach níos faide de thuairim is 330km idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath - an Rotharbhealach is faide in Éirinn go dtí seo - é an Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Luain.

Taitneamhacht de scoth an domhain a bheidh sa Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath chun go mbainfidh coisithe, rothaithe agus daoine i gcathaoireacha rothaí sult as - muintir na háite agus turasóirí araon. Éascóidh sé an chéad chuid de líonra idirnáisiúnta EuroVelo de chonairí fadraona rothaíochta san Eoraip - ag ceangail Gaillimh le Moscó!

### Tá Rotharbhealach na Gaillimhe go Baile Átha Cliath á fhorbairt i gcéimeanna:

- Tá an Chonair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar ar taispeáint anois do Rotharbhealach na Gaillimhe go Baile Átha Luain.
- 107km oscailte idir Baile Átha Luain agus Maigh Nuad.
- Droichead nua rotharbhealaigh a thógáil thar an tSionainn, le bheith críochnaithe in 2023.
- Dhá mhór-chuid uirbeacha á bhforbairt idir Maigh Nuad agus Cathair Bhaile Átha Cliath agus ó Bhaile an Locháin go Cathair na Gaillimhe.

# EMERGING PREFERRED ROUTE CORRIDOR
# *AN CHONAIR BHEALAIGH IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR*

Galway to Athlone
CYCLEWAY
Gaillimh go Baile Átha Luain




**An interactive map of the Emerging Preferred Route Corridor is available to view in the Virtual Consultation Room at www.galwaytoathlonecycleway.com**

***Is féidir féachaint ar léarscáil idirghníomhach de na Roghanna Conair Bhealaigh sa Seomra Comhairliúcháin Fíorúil ar www.galwaytoathlonecycleway.com***

## Emerging Preferred Route Corridor

The Emerging Preferred Route Corridor has been chosen as it offers a highly scenic route from Galway to Athlone, with lots to see and do on the way. It travels through a wide variety of landscapes, from the edge of Galway Bay, the Burren Low Lands, the Slieve Aughty mountains, the river Shannon and the midlands bogs, and will be attractive to domestic and international users.

It visits Ballyloughane Beach, Oranmore, Rinville, Clarinbridge, Kilcolgan, Kinvara, Coole Park, Gort, Woodford, Portumna, Meelick, Clonfert, Ballinasloe, Shannonbridge and Athlone Castle, linking places of interest, established tourism centres, public parks and outdoor spaces.

**We now wish to work with landowners and the public to determine the best route and design for the Cycleway within the Emerging Preferred Route Corridor.**

## We welcome your local information

The consultation material can be viewed online in the virtual consultation room which is live on the project website from the 08th December 2021 until the 31st of January 2022.

Interested parties will be able to talk with the project team by appointment to discuss any issues of interest to them, either in person, by phone or virtually.

We can be contacted through the website, where you may book an appointment to talk to the project team, or by calling the Cycleway Project Office in Ballinasloe at 091 509 267.

## An Chonair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar

Roghnaíodh An Chonair Bhealaigh is Dealraithí toisc go dtugann sé radharcra álainn ó Ghaillimh go Baile Átha Luain, le go leor le feiceáil agus le déanamh ar an mbealach. Taistealaíonn sé trí réimse leathan tírdhreacha, ó imeall Chuan na Gaillimhe, Tailte Íseal na Boirne, sléibhte Shliabh Eachtaí, abhainn na Sionainne agus portaigh lár na tíre, agus beidh sé tarraingteach d'úsáideoirí baile agus idirnáisiúnta.

Tugann sé cuairt ar Thrá Bhaile an Locháin, Órán Mór, Rinn Mhíl, Droichead an Chláirín, Cill Cholgáin, Cinn Mhara, Páirc na Cúile, An Gort, An Ghráig, Port Omna, Míleac, Cluain Fearta, Béal Átha na Sluaighe, Droichead na Sionainne agus Caisleán Bhaile Átha Luain, ag nascadh áiteanna spéisiúla, ionaid turasóireachta seanbhunaithe, páirceanna poiblí agus spásanna lasmuigh.

**Is mian linn anois oibriú le húinéirí talún agus leis an bpobal chun an bealach agus an dearadh is fearr a chinneadh don Rotharbhealach laistigh den Chonair Bhealaigh is dealraithí a roghnófar**

## Cuirimid fáilte roimh do chuid faisnéise áitiúla

Is féidir an t-ábhar comhairliúcháin a fheiceáil ar líne sa seomra comhairliúcháin fíorúil atá beo ar láithreán gréasáin an tionscadail ón 08 Nollaig 2021 go dtí an 31 Eanáir 2022.

Beidh páirtithe leasmhara in ann labhairt le foireann an tionscadail trí choinne chun aon saincheisteanna is díol spéise dóibh a phlé, go pearsanta, ar an bhfón nó go fíorúil.

Is féidir teagmháil a dhéanamh linn tríd an láithreán gréasáin, áit ar féidir leat coinne a chur in áirithe chun labhairt le foireann an tionscadail, nó trí ghlaoch a chur ar an Oifig Tionscadail na Rotharbhealaigh i mBéal Átha na Sluaighe ag 091 509 267.

Galway to Athlone
CYCLEWAY
Gaillimh go Baile Átha Luain

# WORKING WITH YOU
# *AG OBAIR LEAT*



## Landowner Engagement

**A process has been underway since 2019 to develop a Code of Best Practice for National and Regional Greenway Projects.** TII and the local authorities have been working with the farming representatives and other stakeholders to develop the Code of Best Practice which is due to be completed in the near future. The Code sets out the process for the delivery and management of Greenways and provides information on the acquisition of privately owned lands for the Greenway.

The corridor is well defined where routing appears clear, for example through publicly owned lands, such as Coillte forestry tracks and Bord na Móna railways.

However, it will be necessary to build some of the Cycleway on land that is now privately owned. In these areas the corridor is wider and future discussions with landowners will form the basis for developing the route within the corridor.

During the development of a preferred route within the corridor, landowners may engage their own agronomist/property adviser to advise them during the design of the Cycleway. This agronomist/property adviser will be paid for by the project promoters. We will work with the landowner and their agronomist/property advisor to pick the least disruptive route possible, likely to be along the property boundary.

We will strive to purchase land through voluntary agreement, if at all possible.

There are a number of dedicated Project Liaison Officers (PLO's) from the Local Authorities and Consultants. The PLO's will be available to meet with landowners either on their property or in the Project Office by appointment. PLO's are also available to talk on the phone or by online virtual meeting.

These PLO's will be the main point of contact for the landowner, and will ensure that the landowners interests and concerns are considered in all decisions.

The goodwill and cooperation of the farming community is important to make the Cycleway a success. Real and open engagement with the landowners and community will be central to everything we do.

## Rannpháirtíocht le hÚinéirí Talún

**Tá próiseas ar bun ó 2019 chun Cód Dea-Chleachtais a fhorbairt do Thionscadail Glasbhealaigh Náisiúnta agus Réigiúnacha.** Bhí TII agus na húdaráis áitiúla ag obair leis na hionadaithe feirmeoireachta agus le páirtithe leasmhara eile chun an Cód Dea-Chleachtais a fhorbairt a bheidh le críochnú go luath. Leagtar an próiseas ina ndéantar glasbhealach a chur ar fáil agus a bhainistiú amach sa Chód agus cuirtear eolas ar fáil ann maidir le talamh príobháideach a cheannach don Ghlasbhealach.

Tá an chonair sainmhínithe go maith nuair is cosúil go bhfuil an bealach soiléir, mar shampla trí thailte faoi úinéireacht phoiblí, mar rianta foraoiseachta Coillte agus iarnróid Bhord na Móna.

Mar sin féin, beidh sé riachtanach cuid den Rotharbhealach a thógáil ar thalamh atá faoi úinéireacht phríobháideach anois. Sna ceantair seo tá an chonair níos leithne agus beidh plé le húinéirí talún amach anseo mar bhunús chun an bealach laistigh den dorchla a fhorbairt.

Le linn dóibh an bealach is fearr a fhorbairt laistigh den chonair, féadfaidh úinéirí talún a n-agranamaí/comhairleoir maoine féin a fhostú chun comhairle a thabhairt dóibh le linn dhearadh an Rotharbhealaigh. Íocfaidh tionscnóirí an tionscadail an t-agranamaí/comhairleoir maoine seo. Oibreoimid leis an úinéir talún agus lena agranamaí/ comhairleoir maoine chun an bealach is lú a chuireann isteach air a roghnú, ar dóigh dó a bheith feadh theorainn na maoine.

Déanfaimid ár ndícheall talamh a cheannach trí chomhaontú deonach, más féidir.

Tá roinnt Oifigigh Idirchaidrimh Tionscadail tiomnaithe (PLOanna) ó na hÚdaráis Áitiúla agus Comhairleoirí. Beidh na PLOanna ar fáil chun bualadh le húinéirí talún ar a gcuid maoine nó san Oifig Tionscadail trí choinne. Tá PLOanna ar fáil freisin chun labhairt ar an bhfón nó trí chruinniú fíorúil ar líne.

Beidh na PLOanna seo ina bpríomhphointí teagmhála ag an úinéir talún agus cinnteoidh siad go ndéanfar leas agus imní na húinéirí talún a mheas agus cinntí á ndéanamh.

Tá dea-thoil agus comhoibriú an phobail feirmeoireachta tábhachtach chun go n-éireoidh leis an Rotharbhealach. Beidh rannpháirtíocht cheart agus oscailte leis na húinéirí talún agus leis an bpobal lárnach i ngach rud a dhéanaimid.

# STAGES OF PUBLIC CONSULTATION
# *CÉIMEANNA AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ*

Galway to Athlone
CYCLEWAY
Gaillimh go Baile Átha Luain

| | | | |
|---|---|---|---|
| Study Area Public Consultation | *Réimse Staidéir Comhairliúchán Poiblí* | → | August/*Lúnasa* 2020 |
| Route Corridor Options Public Consultation | *Roghanna Conair Bhealaigh Comhairliúchán Poiblí* | → | Jan-Feb *Eanair-Feabhra* 2021 |
| **Emerging Preferred Route Corridor Public Consultation** | ***An Chonair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar Comhairliúchán Poiblí*** | → | **08th Dec 2021-31st Jan 2022 / *08 Nollaig 2021-31 Eanair 2022*** |
| Preferred Route Consultations with Individual Landowners | *Bealach Roghnaithe Comhairliúcháin le Húinéirí Talún Aonair* | → | from Jan/ó *Eanair* 2022 |

**WE ARE HERE** / **IS ANSEO**



# EMERGING PREFERRED ROUTE CORRIDOR QUESTIONNAIRE / *CEISTNEOIR FAOIN GCONAIR BHEALAIGH IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR*

Galway to Athlone
CYCLEWAY
Gaillimh go Baile Átha Luain

## We welcome your local information / *Cuirimid fáilte roimh d'fhaisnéis áitiúil*

**1.**

Name / *Ainm*

Email / *Ríomhphost*

Address / *Seoladh*

Telephone / *Uimhir Ghutháin*

Eircode / *Éirchód*

**2.**

Do you live or own property within the Emerging Preferred Route corridor?
*An bhfuil cónaí ort nó an bhfuil úinéireacht agat ar mhaoin laistigh den Conair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar?*

☐ Yes *Tá / Is Liom* ☐ No *Níl / Ní Liom*

**3.**

Would you use the Cycleway?

*An mbainfeá úsáid as an Rotharbhealach?*

☐ Yes / *Tá* ☐ No / *Níl*

**4.**

We welcome your feedback on any information about the Emerging Preferred Route Corridor that would inform the project team on developing a route within the corridor. (please use additional paper and include supporting documents / images / maps if you wish).
*Fáiltímid roimh d'aiseolas ar aon fhaisnéis faoin gConair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar a chuirfeadh foireann an tionscadail ar an eolas faoi bhealach a fhorbairt laistigh den chonair. (bain úsáid as páipéar breise le do thoil agus cuir cáipéisí / íomhánna / léarscáileanna tacaíochta san áireamh más mian leat)*

**5.**

Signature / Siniú

**Please complete the feedback form and return by email or Freepost to:**
***Líon amach an fhoirm aiseolais agus seol ar ais ar ríomhphost nó ar an Saorphost í chuig:***

**Email/*Ríomhphost*:** info@galwaytoathlonecycleway.com

**Freepost:** Galway to Athlone Cycleway Project Office, Society Street, Ballinasloe, County Galway, Ireland, H53 T320.
***Saorphost:*** *Oifig Thionscadal an Rotharbhealaigh ó Ghaillimh go Baile Átha Luain, Sráid an Chumainn, Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe, Éire, H53 T320.*

☐ Please tick this box if you wish to be contacted regarding project news and updates.
*Cuir tic sa bhosca seo más mian leat go ndéanfaí teagmháil leat maidir leis an tionscadal agus an nuacht is déanaí a bhaineann leis.*

**Data Protection:** By providing my details in this feedback form, I consent to the use of my personal data in accordance with Westmeath County Council's Privacy Notice which is available at: www.westmeathcoco.ie/en/ourservices/yourcouncil/privacy/ privacynotice

***Cosaint Sonraí:*** *Trí mo chuid sonraí a thabhairt san fhoirm aiseolais seo, toilím go n-úsáidfí mo chuid sonraí pearsanta i gcomhréir le Fógra Príobháideachta Chomhairle Chontae na hIarmhí atá ar fáil arwww.westmeathcoco.ie/en/ourservices/yourcouncil/privacy/privacynotice*